
Guth Ghoill

Luach € 2.00

*Bronnadh Céim Dochtúra sa bhliain 1976*



# An Dochtúir Leaslaoi U. Lúcás.

San eagrán seo, an cúigiú eagrán is fiche de Ghuth Ghoill, tá píosa againn ar shaol agus ar shaothar an Dr. Leaslaoi U. Lúcás, an scoláire Gaeilge ba mhó a tháinig amach as an cheantar seo ariamh. Lena chois sin tá alt againn ón Dr. Seán Mac Corraidh, fear a raibh Leaslaoi mar léachtóir aige le linn do a bheith ag staidéar na Sean-Ghaeilge in Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste. Tá muid iontach buíoch do cholceathar Leaslaoi, Hillary McNutt, as ucht an eolais uilig a thug sí dúinn faoi Leaslaoi.

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


An Dochtúir Leaslaoi U. Lúcás 3

Paidí (Phat) Ó Gallachobhair 9

Tithíocht agus Talamh sa 19ú Aois
i gCeantar Ros Goill 11

Cúlú Eacnamaíochta (Recession) 14

Dráma úrscríofa i gColáiste Ros Goill 15

Imeachtaí Chéim Aniar
Seachtain na Gaeilge 16

Logainmneacha na Gléibe 18

Lá Fhéile Pádraig i gCarraig Airt 20

# An Dochtúir Leaslaoi U. Lúcás.



An scoláire Gaeilge ba mhó a bhí sa cheantar seo ariamh ná an Dr. Leaslaoi Lúcás. Is ábhar bróid don cheantar a chuid leabhar agus is áis iontach d'fhoglaimeoirí Gaeilge an staidéar a rinne sé ar Ghaeilge agus ar chanúint Ros Goill. Tá achan chineál eolais faoi ghramadach na teanga sa cheantar seo le fáil in 'Grammer of Ros Goill Irish' agus is iontach agus is tairbheach do cheantar ar bith foclóir den tsaghas a chur Leaslaoi le chéile ón cheantar seo, a bheith acu - foclóir bunaithe ar chaint na ndaoine. Agus dár ndóigh ba éacht mhór a bhí sa dá leabhair a dhéanann cur síos ar stair an cheantair - 'Meevagh Down the Years' agus 'More About Meevagh'. Is dochreidte an méid taighde a chuaigh isteach sa dá leabhar seo agus níl mórán paróistí gur féidir leo a mhaíomh go bhfuil a gcuid staire foilsithe acu. San alt seo, le cuidiú ó Hillary Mc Nutt a bhí muinteartha dó, tá muid chun amharc siar ar shaol Leaslaoi, mar cé gur thaisteal sé an t-Íochtar agus an t-Uachtar le linn dó a bheith i mbun a chuid oibre agus go raibh aithne mhaith ag neart daoine air ba dhuine iontach príobháideach a bhí ann. Tabharfaidh an t-alt seo léargas níos fearr do chuile dhuine faoina shaol agus faoina óige. Tá muid iontach buíoch do Hillary ar a shon sin.
Lena chois sin tá alt breá againn fosta ón Dr. Seán Mac Corraidh as Béal Feirste a raibh Leaslaoi mar léachtóir aige agus é ina mhacléinn in Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste agus é ag staidéar na Sean-Ghaeilge. Tá aithne mhaith ar Sheán fán cheantar seo anois mar go gcaitheann sé cuid mhaith dá chuid ama anseo nuair a gheobhann sé deis agus chomh maith le sin is é a chuireann comhairle ar Chéim Aniar ó am go chéile. Cé go bhfuil neart curtha i gcló ag Seán cheana féin níl rud ar bith faoi Ros Goill uaidh go fóill! Ach amach anseo cha bheadh a fhios agat nach dtiocfadh rud éigin óna lámh faoi Ghaeilge agus faoi chanúint an cheantair seo a chuirfeadh leis an obair éifeachtach a tháinig ó pheann a iar-léachtóir an Dr. Leaslaoi Lúcás.

***Aistriúchán ar Alt le Hillary (Wilkinson) Mc Nutt faoina colceathar An Dr. Leaslaoi Lúcás.***

## Óige Leaslaoi.

Ba as an Mhaol Rua a tháinig Lizzie, máthair Leaslaoi, (Lizzie Wilkinson) áit a raibh a teaghlach fostaithe ag na hIarlaí Liatroma. Chas Lizzie agus thit sí i ngrá leis an Sáirsint Samuel Lúcás a bhí lonnaithe i mbeairic an RIC i gCarraig Airt ag an am.



*Lizzie & Samuel Lucas*

Tar éis a bpósta d'aistrigh an lánúin go Béal Feirste agus ar an seachtú lá fichead d'Eanáir 1919 rugadh mac dóibh, an t-aon duine clainne a bhí acu, Leaslaoi Wilkinson Lúcás. Ar an drochuair, an bhliain ina dhiaidh sin, 1920, ba mhór an tragóid a bhain don teaghlach nuair a maraíodh a athair Samuel i luíochán de chuid an IRA ag beairic an RIC ag Tempo i gCo. Fhir Manach. Tá sé curtha i gCloveneden, Loch Gall i gCo. Ard Mhacha ach tá máthair Leaslaoi, sin Lizzie, curtha i reilig Eaglais na Trionóide Naofa i gCarraig Airt.
I ndiaidh marú a fir céile d'fhill Lizzie ar an Mha-

ol Rua arís lena mac óg, a bhí bliain agus naoi mí ag an am, agus chuir sí fúithi ansin. D'inis Leaslaoi é fhéin gur cheann de na cuimhní is faide siar a bhí aige ná ag dul suas go dtí 'an teach mór', ba seo caisleán an Iarla, lena athair mór, John Wilkinson, a d'oibrigh ansin ina am mar chléireach oibre don 3ú Iarla Liatroma.



*Ó chlé tá Lizzie & Samuel Lucas, máthair & athair Leaslaoi, Leaslaoi é féin, a athair mór, John Wilkinson agus a aintín, Margaret Wilkinson.*

Bhí lámh ag an chinniúint i saol Leaslaoi arís nuair a fuair a mháthair, agus í ina bean óg, bás de pheireatóiníteas (peritonitis) ar an 20ú la de Mheitheamh 1928. Bhí Leaslaoi fágtha anois mar dhílleachta agus gan é ach naoi mbliana d'aois. Ba ar a aintín Margaret Wilkinson (nó Giggie mar a ba ghnáth le Leaslaoi a thabhairt uirthi), deirfiúr a mháthar, a thit an dualgas anois aire agus tógáil a thabhairt do Leaslaoi. Is fíor a rá gur shíl daoine, go raibh sí rud beag corr ach sin agus eile thug sí aire mhaith dá nia óg agus rinne sí a dícheall leis agus í a thógáil. Agus tá sé soiléir ó na céadta pictiúr a choinnigh Leaslaoi, agus ar ghlac sé an oiread sin foighid a gcur isteach in albaim, go raibh cuma air a bheith sona sásta agus go raibh sé féin agus a aintín breá cóngarach dá chéile.

## Dialann.

I nDeireach Fómhair na bliana 1929 agus é deich mbliana d'aois thosaigh Leaslaoi ag coinneáil dialainne agus lean sé ar aghaidh ag scríobh ina dhialann go dtí tamall sula bhfuair sé bás. Nuair a bhí mise óg, dá mbeadh ball ar bith den teaghlach ag cuardach dáta faoi ócáid nó faoi eachtra ar bith a tharla chuirfí scairt ar Leaslaoi i gcónaí leis na sonraí a fháil uaidh.

## Díshealbhú. (Eviction).

Sa bhliain 1937 rinne an 5ú Iarla Liatroma



*Teach cónaí na Wilkinsons i Maol Rua*


teaghlach Wilkinson a dhíshealbhú mar gur shocraigh sé nach raibh sé ag iarraidh cónaí a dhéanamh sa Mhainteach (Manor House) a thuilleadh i ndiaidh dó scarúint óna bhean chéile agus gur theach cónaí na Wilkinsons a shantaigh sé mar áit chónaí do féin anois.

Bhí an t-ádh ar an teaghlach go raibh teach eile acu, teach a thóg siad timpeall na bliana 1900, 'Seaview Villas', os cionn Loch an Chéide agus ba




*"Seaview Villas" sna Dúnaibh*

anseo a thug Leaslaoi agus a aintín a n-aghaidh sa bhliain 1937. Ba seo baile Leaslaoi go dtí tamall gairid sula bhfuair sé bás nuair a díoladh é le Frankie Casey, seo le maoiniú a chur ar fáil le díol as a lóistín agus a chúram i dTeach Altranais an Lake House i bPort na Bláiche.



*Leaslaoi agus a aintín, Margaret*

Reáchtáil Leaslaoi agus a aintín teach breá lóistín ansin sna Villas ar feadh blianta fada ach ar an dro-chuair tháinig deireadh le seo nuair a fuair a aintín bás ar an 21ú Aibreán 1965.



*"Seaview Villas" os cionn Loch an Chéide*

**Oideachas Leaslaoi.**

Cha deachaigh Leaslaoi 'na scoile ariamh; a mháthair a bhí mar theagascóir aige i dtús báire. I ndiaidh a báis ba mhúinteoir baile a bhí freagrach agus a lean ar aghaidh lena chuid oideachais. Thigeadh múinteoir amach as Coláiste an Fheabhail, Doire, le cuid de churaclam an dara leibhéal a mhúineadh dó agus bhí Gréigis mar cheann de na hábhair.

Cé nár cuireadh oideachas foirmiúil ar bith ar Leaslaoi ba dhuine iontach éirimiúil a bhí ann a raibh a chroí i dtaighde agus a raibh fonn mór air eolas a bhailiú faoi stair an cheantair. Is cinnte nach díthreabhach (recluse) ar bith a bhí ann ach fear a thug cuairt ar chóir a bheith achan theach sa leithinis agus é ar thóir na staire, na filíochta agus an cheoil agus an fhoighid a thaispeáin sé ansin agus é ag cur an ábhair seo uilig ar pháipéar. Scríobh sé an uile rud isteach i gcóipleabhair. D'fhág sé na cóipleabhair seo ag Cumann Staire Dhún na nGall, Béal Átha Seannaigh.

**An Carr.**

Níl amhras ar bith ná go bhfuil cuimhne mhaith ag muintir an cheantair seo ar Leaslaoi a fheiceáil



ag siúl ó áit go háit agus ó theach go teach mar nach raibh gléas taistil ar bith aige ar feadh formhór dá shaol. Níor chuir sé suim i ngluaisteáin ná sa tiomáint go dtí go raibh sé suas go maith i mblianta agus leoga ba seo gníomhaíocht ina shaol nach raibh mórán de thoradh léi mar is cinnte go bhfágfadh sé seomra i dteach faire áitiúil folamh dá bhfógródh sé go raibh sé ag fágáil! Bheadh rása chun an dorais, deifir ar dhaoine a gcuid carranna a fháil amach as an chosán mar gur iomaí scríob agus lorg a d'fhág sé ina charr fhéin agus i gcarranna eile - ní d'aon turas a dhéanfaí seo ar chor ar bith agus go minic ní bheadh a fhios aige féin go mbeadh aon dochar déanta aige. Choinnigh sé an buailteoir painéil áitiúil breá gnoitheach ag cur bail ar a charr fhéin nó ar charr an té a bhí sa chosán aige! Oíche amháin agus é ar cuairt tigh s'againne, rud a rinne sé go rialta, d'fhiafraigh sé do m'fhear céile an raibh foirmle ar bith ann le carr a chur 'un deiridh sa dóigh is go mbeadh a fhios aige go raibh sé ar tí rud éigin a bhuaileadh. D'oibrigh sé amach do fhéin nuair a rachadh an tríú dual sreinge (strand of wire) ar an fhál ag a theach fhéin as amharc go raibh sé réidh le é a bhuaileadh. Chuir sé isteach ar Leaslaoi gur sháraigh air máistreacht a fháil ar scileanna praiticiúla agus nach raibh deacrachtaí ar bith aige le foghlaim teangacha ná le gníomhachtaí éirimiúla ar bith.

**Stair an Cheantair - 'Meevagh Down the Years'.**

Bhí creideamh iontach láidir ag Leaslaoi agus bhí seo tábhachtach dó i rith a shaoil. Is fíorannamh nach ndéanfadh sé freastal ar a chuid seirbhísí eaglaise agus ba é a sheinn ar an chórorgán fosta in Eaglais na Tríonóide Naofa i gCarraig Airt. Leoga thiocfaí an tiúin a bhíodh air a thomhais ar an luas lenár sheinn sé na hiomainn (hyms). Dá mbeadh sé in ísle brí bheadh an seinnt mall truacánta agus dá mbeadh sé ag mothú breá sona ann fhéin bheadh an luas níos bríomhaire.

Ag tús na seascaidí d'iarr Easpag Eaglais na hÉireann i ndeoise Dhoire agus Rath Bhotha ar chléirigh na deoise taighde a dhéanamh ar stair a cuid eaglaisí agus a gcuid paróistí. An tOirmhinneach George Vaughan a bhí mar reachtaire i gCarraig Airt ag an am agus lá dá raibh sé fhéin agus Leaslaoi amuigh ag siúl labhair sé le Leaslaoi faoi achainí an Easpaig. Mar atá ráite agam roimhe seo bhí Leaslaoi ag déanamh taighde cheana féin ar stair na paróiste.

Shocraigh sé go mbeadh suim aige sa tionscadal seo agus mar thoradh ar seo uilig sa bhliain 1962 foilsíodh 'Meevagh Down the Years'. Rinneadh an leabhar a athfhoilsiú i 1972 agus i 1983. Sa bhliain 1965 cuireadh 'More About Meevagh' i gcló. Sa leabhar seo bhí tuilleadh ábhair faoin pharóiste a raibh taighde déanta aige air agus nach raibh curtha i gcló cheana.

Rinne Leaslaoi cuid mhór taighde fosta do theaghlaigh faoina gcrann ginealaigh agus tá an obair seo uilig a rinne sé san Ionad Oidhreachta/ Ginealaigh i Rath Mealtáin. D'fhág Leaslaoi faoi mo chúramsa é ach thug mise ar iasacht é don Ionad le go mbeadh fáil níos fearr ag daoine ar an ábhar thaighde.

Tháinig iarratais chuige ó chuile chearn den domhan le crainn ginealaigh a dhéanamh agus bhain sé sásamh mór as a bheith ag amharc fríd sean thaifid eaglaise (church records) rl agus ansin ag cur an t-eolas le chéile mar a hiarradh air.

**Ar an Ollscoil.**

I ndiaidh bás a aintín d'aistrigh Leaslaoi go dtí lóistín i mBéal Feirste agus fuair sé fostaíocht in Oibreacha Innealtóireachta Sirocco. Ní raibh an obair seo fóirsteanach dó mar nach raibh dúshlán intleachtach ar bith ag baint leis. Shocraigh sé a dhul go hOllscoil na Ríona i mBéal Feirste ach dhiúltaigh siad iontráil dó i dtús báire as siocair nach raibh aon oideachas foirmiúil faighte aige nó torthaí scrúdaithe aige. Rinne sé freastal ar ranganna oíche ansin ar feadh bliana i gCeardcholáiste ar Shaftsbury Avenue; phill sé ar an Ollscoil áit ar glacadh leis anois mar mhacléinn críonna (mature student).

Is cinnte go ndéarfadh an teaghlach s'againne go raibh Leaslaoi ar a shuaimhneas agus sona sásta nuair a bhíodh sé ag staidéar agus ag déanamh taighde; thaitin an dúshlán i gcónaí leis. Síochánaí láidir a bhí ann i rith a shaoil de thairbhe marú a athar. Bhí meas mór air i measc a phobail eaglaise áitiúil agus sa phobal áitiúil. Is grámhar iad ár gcuimhní air mar tuigeann muid go raibh a óige iontach brónach ach bhí a chroí istigh sa chuid seo de Dhún na nGall, sna daoine agus i nGaeilge Ros Goill.

Bhí sé i gcónaí iontach cruinn agus bhí an deargfhuath aige do phoncaíocht agus do ghramadach mhíchruinn.

* * * *

## Leaslaoi U.. Lúcás: léachtóir, gramadóir, canúineolaí agus foclóirí

*leis an Dr Seán Mac Corraidh*
*BA MA EdD PGCE PQH*



*An Dr Seán Mac Corraidh*

Bhí mise mar mhac léinn ag dul do chéim onóracha sna teangacha Ceilteacha i Roinn na Ceiltise in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste idir 1977 agus 1982. Ar na réimsí léinn a ndearna muid staidéar orthu, bhí an tSean-Ghaeilge. Is é sin le rá, An Ghaeilge mar a bhí sí idir, déarfaimid, 500 AD agus 800 AD. Sa tríú agus sa cheathrú bliain den chúrsa, is é Leaslaoi Lúcás a bhí mar léachtóir againn agus muid i gceann fhoghlaim na Sean-Ghaeilge.

Is é a bhí sa staidéar den chuid is mó ciall a bhaint as cuid de na nótaí a bhí scríofa i nGaeilge an ama sin, amuigh is istigh ar mhíle go leith bliain ó shin, ag manaigh Éireannacha in Éirinn agus a bhí leo chun na hEorpa nó ar an Mhór-Roinn féin agus iad ag iarraidh tuigbheáil a bhaint as an Laidin ina raibh an bunábhar scríofa m.sh. spiritu enim loquitur mysteria .i. *ro-cluinethar cách in fogur* et *nícon fitir cid as-beir* (Bergin, 1976: 105). 'Cluin gach duine an fhuaim agus níl a fhios aige cad é a deir sé,' an chiall atá leis an phíosa sin, más buan mo chuimhne, agus cuirfidh bunadh Ros Goill suim ar leith san fhocal *nícon* sa sampla sin nó is uaidh sin a thigeas na focail *ní* agus *cha* atá go láidir sa chanúint mar a léirigh Leaslaoi ina leabhar téagartha, scolártha *Grammar of Ros Goill Irish, Co. Donegal* a foilsíodh sa bhliain 1979 ag an Institute of Irish Studies, Queen's University Belfast. Mar shampla de sin aige tá an seanfhocal, 'Cha dtarann an aois leis féin', (Lucas, 1979: 310). Tá tuilleadh le rá faoin leabhar sin níos faide anonn ach is air a tharraing

mé an scéal. Níl a fhios agam cé acu baois na hóige nó rud a shíl mé a bhí le céill ach bhí mise mé féin i bhfách go mór leis an staidéar a dhéanamh fríd Ghaeilge ach is i mBéarla den chuid is mó a rinne muid an obair. Ach cibé scéal é, nach bhfuair mé de mhisneach ceist a chur air lá amháin, 'A Leaslaoi, cad chuige nach ndéanaimid seo uilig i nGaeilge?' agus ar seisean ag tabhairt freagra orm, 'John, do you not think it's difficult enough in English?' B'éigean dom féin gáire a dhéanamh ag an am ach níl mé cinnte go sea cé acu agamsa nó aigesan a bhí an ceart.

Ceann de na gnéithe a bhain lena chuid teagaisc a ba mhó a raibh dúil agam féin ann ná an dóigh a dtabharfadh sé focal duit a bhí sa tSean-Ghaeilge agus ansin focail eile i dteangacha eile a bhí gaolta leis an fhocal sin agus a d'fhás as an fhréamh cheanann chéanna b'fhéidir sa chéad teanga a labhraíodh idir talamh na hIndia agus na hEorpa mar atá an teanga Ind-Eorpach, más fíor do thaobh amháin den airgeal acadúil: Old Irish *fer* Welsh *gwr*, Latin *virus*, Sanskrit *viras*, Latvian *vírs* nó Old Irish *recht*, Welsh *rhaith*, Latin *rectus*, German *recht*, English *right*. Bhí na céadta acu sin ar a theanga aige.

San alt gairid seo, mar sin féin, is mian liom chomh maith bhur n-aird a tharraingt ar Leaslaoi mar ghramadóir, mar chanúineolaí agus mar fhoclóirí. Dhá leabhar a scríobh Leaslaoi a bhaineann leis an Ghaeilge mar a labhraítear i Ros Goill í. An chéad leabhar ná *Grammar of Ros Goill Irish, Co.Donegal* a foilsíodh i 1979 agus an dara ceann *Cnuasach Focal as Ros Goill* a foilsíodh thiar sa bhliain 1986. Is cóir a rá gur mar chuid de shraith leabhar a foilsíodh an dá cheann. Bhéarfaimid spléachadh ar an dá leabhar anseo thíos.

## *Grammar of Ros Goill Irish, Co Donegal*, Institute of Irish Studies, QUB: 1979

Imleabhar 5 atá sa leabhar seo i sraith ar tugadh *Studies in Irish Language and Literature*. Is le Roinn na Ceiltise, QUB, Béal Feirste a bhain na daoine a scríobh na himleabhair atá sa tsraith agus is iad na leabhair atá sa tsraith luachmhar seo a d'fhoilsigh an Institute of Irish Studies, QUB, Béal Feirste: *Ceolta Theilinn* le P. Mac Seáin, *The Irish of Achill* le G. Stockman, *The Irish of Tory Island* le N.Hamilton, *Contributions to a Study of Ulster Irish and Scottish Gaelic* le C.Ó Baoill agus *Grammar of Ros Goill Irish* le L.W.Lucas.

Mar atá ráite agam leabhar téagartha í seo a bhfuil eolas creathnach domhain inti ar ghramadach na Gaeilge mar a bhí sí le sonrú aige i gcanúint Ros Goill ag an am. Má foilsíodh an leabhar i 1979, caithfidh sé go raibh an t-údar ag cruinniú a chuid eolais go luath sna seachtóidí nó ina lár nó obair fhadálach atá i dtiomsú eolais, agus i scríobh agus i bhfoilsiú leabhair agus go háirid nuair atá an leabhar bunaithe ar thaighde. Mar sin de, is é atá sa leabhar cur síos ar an teanga mar a labhraíodh í i bparóiste Mhíobhaí tuairim's ar chúig bliana déag is fiche ó shin.




*Seo dhá leabhar atá foilsithe ag Seán Mac Corraidh*


Is é is fearr a thig liom a dhéanamh san alt seo blaiseadh beag a thabhairt daoibh ar chuid den teanga a chruinnigh Leaslaoi ó bhunadh an cheantair. Ag an ghnáthléitheoir is é an t-aguisín, is fusa a léamh nó tugtar seanfhocail, tomhaiseanna, cora cainte agus focail annamha i scríobh na Gaeilge. Síos fríd an chuid eile den leabhar, diomaite den aguisín, den innéacs agus den trácht ar na dobhriathra, tugtar samplaí de chaint na ndaoine san fhogharscríobh amháin (comharthaí idirnáisiúnta a fhóireann do theanga ar bith agus é bunaithe ar na fuaimeanna). Ar ndóigh tá sin feidhmiúil fosta sa mhéid is go léiríonn sé fuaimniú ar leith na gconsan agus na nguthaí sa chanúint ag na daoine ar labhair sé leo.

Is fiú tagairt a dhéanamh do chúpla pointe a ghní sé i réamhrá an leabhair. Is léir gur mhothaigh sé nach raibh aird ag na daoine ar Ghaeilge na leabhar agus gur chirte a gcuid leaganacha féin thíos i Ros Goill ná rud nach raibh nádúrtha dar leo. Bheir sé míniú ar an dá chanúint atá sa pharóiste, san Íochtar agus san Uachtar ach maíonn sé fosta go raibh difear sa chaint fiú ó chainteoir go cainteoir san aon teach amháin. Ar ndóigh, glacann sé buíochas ó chroí le muintir Ros Goill as an am a thug siad ag caint leis le go dtiocfadh leis an staidéar a dhéanamh.

Seo anois mo rogha féin de chuid de na seanfhocail a chruinnigh sé. Léiríonn siad dar liom canúint na háite agus an dóigh a raibh an Béarla agus an Ghaeilge ag déanamh teagmhála lena chéile nó tá lorg an Bhéarla ar chuid acu. Ina dhiaidh sin, tá críonnacht na seandaoine le sonrú go láidir fosta orthu. Cuirfidh sé thart an t-am duit féacháil le tuigbheáil a bhaint as na cinn nár chuala tú riamh!

Chan fhuair aonduine **bás** nach dtig gnoithe a dhéanamh gan é.
Tá sé mar a bheadh **bratóg** ar gach aon tor.
Cha dtiocann **buaireamh** am ar bith leis féin.
Go maire tú is go **gcaithe** tú é is go ndéana tú céad poll air.
Chomh **cam** le madadh ag mún ar shneachta.
Chomh **gairid** le cac asail/ruball coinín.
Chomh **láidir** le Goll.
Tá sé ag **cur** bológaí.
Tá na **diachaí** ar obair.
Bhí sé titim fríd a chuid **éadaí.**
Is é an **ghaoth** anoir claith fhuirste na farraige.
Gheobhaimid **jaim** ort.
Cha dtáinig mise aníos an **Mhaol Ruaidh** i mbairille.
Cha bhíonn a fhios agat an **tobar** go rachaidh sé tirim.

## *Cnuasach Focal as Ros Goill,* Acadamh Ríoga na hÉireann: *1986*




Tá scríofa agam go dtí seo ar Leaslaoi mar léachtóir agus mar ghramadóir ach d'oibrigh sé fosta i réimse na foclóireachta agus é ag léiriú chanúint Ros Goill don tsaol mhór i bhfoilseacháin. Is mar chuid de shraith imleabhar dar teideal *Deascán Foclóireachta* fosta a d'fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 1986 an leabhar seo, *Deascán Foclóireachta 5*. Is iad na leabarthaí uilig a foilsíodh sa tsraith: Innéacs Nua-Ghaeilge don Dictionary of the Irish language le T. de Bhaldraithe, Liosta Focal as *Idir Shúgradh agus Dáiríre* le S. Ó Murchú, *Díolam Focal (A) ó Chorca Dhuibhne* le É. Ó hÓgáin, *Foirisiún Focal as Gaillimh,* T. de Bhaldraithe agus *Cnuasach Focal as Ros Goill* le Léaslaoi U. Lúcás.

Mar a mhínigh an t-údar i réamhrá an leabhair, 'is é atá sa liosta seo focal, bríonna focal, cora cainte is seanfhocail a bailíodh i Ros Goill agus nach luaitear in FGB (*Foclóir Gaeilge-Béarla,* 1997 Niall Ó Dónaill'. Arís is léiriú atá sa leabhar seo ar na dóigheanna a ndeachaigh an Béarla i bhfeidhm ar chanúint na Gaeilge sa cheantar agus ar an chaoi ar chuir muintir Ros Goill a gcló féin ar fhocail a thainig as teach na scoile mar shampla *monarcan* a thig ón fhocal *monarcha*. Ina dhiaidh sin, mar a mhínigh Leaslaoi arís, 'is cruthú ar shaibhreas na canúna an iliomad focal dúchasach atá sa chnuasach seo nach bhfuarthas sna foclóirí roimhe seo.' An té nach mbeadh am ná foighde aige treabhadh fríd *Grammar of Ros Goill Irish, Co Donegal,* ar leabhar trom acadúil é, b'fhéidir gur mhó an sult a bhainfeadh sé as an leabhar seo nó is liosta creathnach suimiúil focal, seanfhocal agus cora cainte atá ann. Fuígfidh mé sibh le sampla nó dhó as an chnuasach focal seo a bailíodh i bparóiste Mhíobhaí ó chainteoirí Gaeilge in áiteacha ar a n-áirítear i measc áiteacha eile, Dumhaigh, Ceann an Leargaigh, Cluain tSaileach, Na Dúnaibh agus an Mhuirleog san Íochtar agus Duibhlinn Riabhach, Gort na Brád agus Tulach san Uachtar:

Ce is deise do theach an phobail is moille ag an Aifreann.
Is fhearr ainm maith ná saibhreas an domhain.
Goidé a bheifeá ag dúil ó bhó ach cic?
Tá sé creathnach **friailte** lena chomhairle
**ach**
Bhí sé ag tabhairt amach páipéir **frialta.**
Bíodh do thine agat féin is ná déan do ghoradh leis an ghrian.
Ná bíodh do theanga i do phluca.


Fuígfidh mé sibh le beannacht d'aimsir na Nollag: *Go lige Dia slán muid go dtige an am seo ar an bhliain seo chugainn.* Féadaimid bheith buíoch do Leaslaoi as an saibhreas cainte a bhí ag na seandaoine a chaomhnú dúinn sa dá leabhar seo agus is mithid a shaothar a cheiliúradh.

**Tagairtí**

Bergin, O.: *Old Irish Paradigms and Selections from the Old Irish Glosses,* RIA: Dublin. 1976.
Lucas, L.: *Grammar of Ros Goill Irish, Co Donegal*, Institute of Irish Studies, QUB: Belfast, 1979.
Lucas, L.: *Cnuasach Focal as Ros Goill*, Acadamh Ríoga na hÉireann: BÁC, 1986.

I ndíl chuimhne ar ár ndeartháir.

## Paidí (Phat) Ó Gallachobhair 1947-2008



*Ba ar an Ghléib, í leithinis Ros Goill a rugadh Paidí ar an tríú lá déag de mhí Mheán Fómhair sa bhlian 1947. Bá é an dara páiste ba shine de sheisear teaghlach a bronnadh ar Dhonnchadh Ó Gallchóir agus a bhean Eilís (Bella). Bhí triúr deartháir agus beirt dheirfiúr aige, Séan agus a chlann atá ina gcónaí ar an Ghléib, Cathal i bPort Laoise, Micheál i nDoire, Áine i dTeileann agus Máire i San Francisco.*

*Nuair a bhí muid uilig ag éirí aníos ar an Ghléib agus ag dul ar scoil í Míobhaigh, is cinnte gur sin an lá ab fhearr a bhí muid. Bhí carthanacht agus comharsanacht i measc na ndaoine uilig agus nuair a bheadh obair mhór le déanamh, cosúil leis an mhóin a bhaint nó í a thabhairt abhaile ón phortach, chuireadh siad meitheal i gcuideachta. Bheadh Paidí i gcónaí réidh le bheith páirteach san obair. Ní raibh leisce air nuair a bheadh obair le déanamh.*

*Is cuimhin liom lá amháin chuaigh sé amach sa chuibhreann agus rinne sé stróiceadh rómhair. Choinnigh sé ag obair isteach san óiche mar bhí gealach iomlán ann. Sílim gur James Antoin agus Madgie a tháinig ag airneáil agus bhí said ag caint agus ag tabhairt clú mhór do Phaidí faoin obair a bhí déanta aige. "Tús maith leath na hoibre" a deireadh siad. Lé scéal fada a dhéanamh gairid tháinig Paidí isteach agus dhá leath déanta aige den spád úr.*
*Chuir sin deireadh leis an mholadh.*


*Bhí craic mhaith againn achan lá le Paidí. Is cuma cé chomh olc is a bhí rudaí, bhí Paidí ábalta a theacht amach le rud éigin simplí agus craiceann a chuir ar an scéal.*

*Is cuimhin liom lá amháin i rith an tSamhraidh, bhí baicle againn thall in Óstan Ros na Binne 'ag caddyáil' mar bá ghnáth linn ná málaí gailf a iompair do na cuairteoirí. Thosaigh an fhearthainn an lá sin agus cha raibh duine ar bith ag imirt. Bhí muid ag spaisteoireacht thart agus chuaigh muid isteach ar an fhoscadh sa teach fuinnimh. Thug muid comhairle do Phaidí a bheith cúramach. Cha raibh muid i bhfad istigh gur chuala muid an scread agus thosaigh na criosanna agus na rothaí móra ag tiontú na n-inneall. Níl fhios agam go dtí an lá seo caidé mar a tháinig muid uilig amach slán sábháilte. Bhéarfaidh mé tuairim amháin duit cé a bhuail an cnaipe glas........*

*Lá eile bhí muid ag iompar na málaí gailf agus bhí Paidí ar an fhoireann. Ba as an Eilbhéis na ceithre imreoir agus cha raibh eolas ar bith acu faoin chúrsa. Chuir siad ceist cá raibh an dara poll agus thug muid treoir dóibhthe. Sheas an chéad fhear agus bhuail sé an chrag lena bhata gailf. "Good shot" arsa Paidí. Cha raibh na focail amach as a bhéal nuair a chuaigh an chrag amach ar an trá mhór. Bhí muid go huile ag seitreach leis an gháire.*

*Bhí mo dheirfiúr Máire ag insint scéil faoi Oíche Shamhna amháin. Bhí scaifte páistí ón chomharsanacht cruinnithe sa seanteach ina raibh cónaí orainn ag an am. Bhí siad uilig ag imirt cluichí. Bhí Micí Eanaí ansin agus thug sé faoi deara péire buataisí úra. Bhí sé ag iarraidh iad a chur ar a chosa nuair a chonaic Paidí é. Thosaigh an bheirt acu ag tarraingt na mbuataisí óna chéile. Scar an bonn ón bharr agus ba sin an deireadh a bhí leis na buataisí agus tús an dí-omá....*

*Is cuimhin liom fosta eachtra amháin nuair a bhí mé ar an Ollscoil i mBaile Átha Cliath i 1976. Chuaigh mé le cuairt a thabhairt ar Phaidí in Otharlann na Súl agus na gCluas. Cha raibh a fhios agam cén leaba a raibh sé ann ach chuala mé a callán ag an doras. Nuair a chuaigh mé isteach sa tseomra, rith an bhanaltra anall chugam ag iarraidh orm insint dó coinneáil ciúin. Bhí*



Ó chlé tá Micí Eanaí, Anna (deirfiúr Phaidí) agus Paidí féin.

John Bhrianaí Chonchubhair as na Dúnaibh sa tseomra céanna. Bhí John ag briseadh cloch le casúr meáchain agus fuair sé scealp sa tsúil. Bhí caibidil iontach idir an bheirt i nGaeilge agus bhí siad ag ligint orthu fhéin nach raibh tuigbheáil ar bith acu ar an Bhéarla.

Ní sin an chéad uair a bhí Paidí san Otharlann. Nuair a bhí sé ina bhuachaill óg bhí galar daighe (rheumatic fever) air agus chaith sé tréimhse fhada in Ospidéal Shráid Teampaill. Rinne sé a Chéad Chomaoineach ann. Bhí Béarla le canúint Bhaile Átha Cliath a labhairt aige nuair a tháinig sé 'na bhaile.

Bhí suim mhór aige sa nádúr agus sa dúlra agus bhí sé i gcónaí ag cur tor agus crann. Bhí méara glasa aige. Thug sé comhairle domhsa gan na toir "grisselinia" a chur mar go n-íosfadh na caoirigh iad. Bhí an ceart aige. Ba chostasach an ceacht domh a bhí ann.

Fear cineálta cneasta a bhí ann agus bhí sé réidh le gar beag ar bith a dhéanamh dá chomharsan. Bhí aithne agus tuairisc ag gach duine air. Fear maith teaghlaigh ab ea é agus bhí grá mór ag clanna a dheartháireacha agus a dheirfiúracha dó. Bá ghnáth leo fanacht amuigh i gcampa corr oíche sa tsamhradh agus nuair a thiocfadh Paidí na bhaile i ndiaidh a bheith ag obair i dteach tábhairne "An Síbín Ceoil", bheadh deoch mhilis agus milseáin leis dóibh.

Tógadh cuid mhór tithe samhraidh sa cheantar le blianta agus bhí díomá air fán pholaitíocht agus faoi chead pleanála sa cheantar. Thig liom é a fheiceáil i mbarra an tSíbín Ceoil, scaifte cruinnithe thart air agus é ag caibidil agus ag tabhairt corr "dig" dóibh siúd a bhí mór le Teachta Dála an cheantair. Mar sin fhéin rinne sé cinnte aithne a chur orthu siúd a thóg tithe samhraidh agus fuair sé jabanna beaga uathu ag coinneáil súl ar a gcuid tithe i rith an gheimhridh.

Fear ionraic a bhí ann agus thug siad uilig eochracha dó. Bhí cuid mhór acu ag an tórramh ó Bhéal Feirste agus ón Tuaisceart .

Ba ghnách le Paidí tréimhse a chaitheamh gach bliain lena dheirfiúr Áine i dTeileann ar laethanta saoire. Chuir se aithne ar mhuintir na háite sin mar an gcéanna agus a bheadh sé sa bhaile ar an Ghléib.
Bhí clú agus cáil air fosta san ionad lae i gCarraig Airt. Bhí aithne ag óg agus aosta air.

Bhí suim mhór aige i gcúrsaí polaitíochta agus i gCumann Lúthchleas Gael. Bhí sé i gcónaí gnóthach ag díol an chrannchuir dóibh. Bhí suim mhór aige fosta sa Ghaeilge agus labhair sé go líofa í le gach duine.

Chuaigh an tsláinte in olcas air in 2007 agus chaith sé seal san ospidéal i Leitir Ceannainn. Sula bhfuair se bás bhí bliain ghnóthach aige mar bronnadh an teideal "Méara Mhíobhaigh" air. Ba é an chéad duine sa cheantar ar bhronnadh an onóir mhór seo air.
Bhí muintir na háite uilig iontach maith dó i rith a sheal róghairid ar an tsaol seo. Beidh an teaghlach i gcónaí buíoch dá chomharsana agus dá chairde uilig ar son an chineáltais a thaispeáin siad dó le linn a shaoil.

Ar dheis Dé go raibh a anam uasal dílis.

Cathal Ó Gallachobhair



# Títhíocht agus Talamh sa 19ú Aois i gCeantar Ros Goill

Is mór na hathruithe atá tagtha ar chúrsaí talaimh agus tithíochta sa cheantar seo le roinnt bliantaí anuas. Tá claochlú tagtha ar thírdhreach agus ar thaobh tíre Ros Goill ó lár na nochadaí. Tógadh neart tithe saoire, agus tá cuid mhór de na seanfheirmeacha roinnte suas ina ngabháltais bheaga. Tá tithe an lae inniu i bhfad níos mó ná mar a bhí siad sa tsean am agus lear acu nach mbíonn duine ar bith iontu taobh amuigh de chúpla seachtain achan bhliain.

Tá an chosúlacht ann anois go bhfuil deireadh ag teacht leis an ré seo. Níl a fhios ag duine ar bith againn caidé mar a mhairfdh an córas tógála agus an córas díola agus ceannaigh a d'fhág na hathruithe seo mar oidhreacht againn.

Ach chan é seo an chéad uair a dtáinig athruithe chomh mór agus chomh tobann ar thírdhreach an cheantair seo. Agus b'fhéidir go ndéanfadh sé maith dúinn súil a chaitheamh siar ar ré eile nuair a tháinig claochlú ar úinéireacht agus ar sheilbh talaimh in Éirinn.

Tharla seo san am i ndiaidh an Ghorta Mhóir sa darna leath den 19ú aois. Agus tá rian agus lorg athruithe an ama seo le feiceáil thart orainn go fóill, fiú leis an tógáil uilig a chuaigh ar aghaidh le cúig bliana déag anuas.

Ag tús an 19ú aois, bhí an córas Roinn agus Dála [Roinndáil] á chleachtadh sa cheantar seo. Taobh istigh d'achan bhaile fearainn roinn an tiarna talaimh an talamh idir theaghlaigh. Bhí an talamh ar a dtugtaí an "infield" air, de ghnáth suite díreach thart ar na tithe. Seo an áit ina gcuirtí na barraí. Bhíodh a ngarraithe agus a gcuibhrinn féin ag achan theaghlach agus claí thart orthu mar chríoch. Roinn chuibhrinn a tugadh ar an chóras sin fan cheantar seo.

Níos faide amach bhíodh an "outfield" le fáil. Bhíodh córas comhsheilbheachas á chleachtadh anseo. Talamh foscailte a bhí ann fá choinne eallach agus ainmhithe eile.

Chomh maith le seo bhíodh na hachmhainí nádúrtha eile roinnte amach de réir mar a bhí feidhm leo. Mar shampla bhí a gcuid bachtaí féin ag achan teaghlach fá choinne móin a bhaint, agus a gcarraig féin cois cladaigh acu le feamainn a bhaint mar leasú don talamh.

In ionad iad a bheith scaipthe amach, tógadh na tithe uilig ag taobh a chéile i mbailte beaga ar a dtugtaí clocháin orthu.

Ina theannta seo uilig bhí an tiarna talaimh, an Tiarna Liatroma i mbarr a réime sa cheantar seo. Bhíodh seisean ag iarraidh cíos ó achan teaghlach a raibh gabháltas acu sa cheantar. Go minic cha raibh an cíos ag na créatúir bhochta, go háirithe i ndiaidh droch shéasúr, agus caitheadh amach iad as a gcuid tithe beaga, gan trua, gan trócaire.

I ndiaidh an Ghorta Mhóir tháinig athrú mór ar an dóigh a roinneadh amach an talamh. Cuireadh córas úr seilbhíochta i bhfeidhm, córas a chur dreach difriúl ar leagan amach na bhfeirmeacha agus na dtithe sa cheantar.

Bhí cúpla cúis ag na tiarnaí talaimh leis na hathruithe seo a dhéanamh :

- De réir Acht Dlí na mBocht in 1837, bhí dualgas ar an Tiarna Talún cíos a íoc ar shon tionóntaí a raibh luach níos lú ná £4 ar a ngabháltais. Sa bhliain 1858 bhí méan luach na ngabháltas i 34 de 51 de na bailte fearainn sa pharóiste níos lú na £4.
- Nuair a ceapadh William Sydney Clements mar An Triú Tiarna Liatroma sa bhlian 1855 bhí fiacha de os cionn £15,500 ar an eastát.
- An titim sa daonra ó 1845 ar aghaidh.
- An dearcadh forleathan a bhí ann ná gur theip ar an chóras Roinn agus Dála agus go gcaithfidh corás úr úinéireachta a chur i bhfeidhm bunaithe ar úinéireacht phríobháideach.
- Tháinig titim ar luach talamh feirmeoireachta de bharr meath eacnamaíochta a bhí ag tarlú san am. Mar thoradh ar seo bhí na tiarnaí talaimh faoi bhrú a gcuid cíosanna a shaothrú agus a gcuid tionóntaí a úsáid mar fhoinse airgid.

Bhí sé níos fusa ó thaobh riaracháin de, agus bhí níos mó smachta ag na tiarnaí talaimh agus acu

sin a bhí ag obair ar shon na dtiarnaí, ar chúrsaí maireachtála na ndaoine agus ar shaol shóisialta agus eacnamaíochta an cheantair

Chun ardú a chruthú ar mhéan luach na ngabháltas bhí ar an tiarna talún gabhaltais níos mó a chruthú agus leasú a dhéanamh ar an talamh. Chomh maith le seo, rinne sé díshealbhú ar theaghlach ar bith nach raibh ábalta cíos a íoc, toisc nach raibh siad ag cur le saibhreas an eastáit. Chuaigh na daoine seo ar imirce nó go Teach na mBocht.

Faoi mar atá a fhios ag achan duine tháinig laghdú mór ar an daonra i ndiaidh an Ghorta Mhóir, nuair a fuair milliún duine sa tír seo bás leis an ocras, le haicídeacha agus le cruatan agus chaill muid os cionn milliún eile nuair a d'imigh siad thar sáile ar imirce. Is amhlaidh a bhí an scéal i Ros Goill. Bhain na tiarnaí talún úsáid as an deis seo le cruth úr a chur ar shlí maireachtála na ndaoine.


De bharr go raibh laghdú ar an daonra, thiocfadh leis an Tiarna Liatroma gabháltais níos mó a chruthú. Dá mbeadh gabhaltais níos mó ann, bhí ardú ar luach na bhfeirmeacha agus islú ar dhualgais an tiarna talaimh ó thaobh Acht Dhlí na mBocht.

Fuair siad réitithe leis ***an infield*** agus an ***outfield***. Roinneadh an talamh ina stráicí fada, a chuaigh ón talamh maith ar thalamh íséal go dtí an droch-thalamh thuas ar na cnoic, talamh le mórchuid cloch agus gannchuid cré. Ar an dóigh seo bhí giota beag d'achan chinéal talaimh i seilbh achan teaghlach. Thógtaí an teach de ghnáth i lár an stráice seo. Mar sin, bhí na tithe uilig scaipthe amach óna chéile, teach amháin ar achan stráice.


Mar chruthú ar na hathruithe seo, thig linn amharc ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, agus go háirithe na difríochtaí idir an chéad eagrán (foilsithe thart fá 1835) agus an tríú eagrán (foilsithe thart fá 1905). Sa tsampla tugtha anseo tá baile fearainn Dhuibhlinn Riabhach.

I léarscáil an chéad eagráin tchífidh tú an dóigh a bhfuil na tithe uilig tógtha le chéile i lár na leithinise. I léarscáil an tríú eagráin tá an talamh

*Léarscáil an chéad eagráin (foilsithe thart fá 1835)*



*Léarscáil an tríú eagráin (foilsithe thart fá 1905)*




roinnte suas ina stráicí, agus tá na tithe scaipthe amach i líne díreach ó cheann ceann na leithinise, agus a stráice féin de thalamh ag achan teaghlach agus achan teach. Is ar an chladach thoir a bhí an bealach mór, dá dtiocfadh leat sin a thabhairt air, sa bhliain 1835. Dár ndóigh, tá an bealach ag dul fríd lár na leathinise anois sa lá atá inniu ann.

Tá na stráicí talaimh seo le feiceáil go fóill i nDuibhlinn Riabhach, agus in go leor bailte fearainn eile sa pharóiste. Amharc ar an phictiúir ón aer den bhaile fearainn atá le feiceáil istigh leis an alt seo.



Seo cur síos beag ar na hathruithe a tharla ó thaobh úinéireacht talaimh agus a lorg sa taobh tíre, a tharla ag deireadh an 19ú aois. Go gairid ina dhiaidh seo, tháinig na hAchtanna Talún, achtanna a thug an deis agus an ceart do na tionóntaithe fanacht ar an talamh a bhí ina seilbh. Bunaíodh an Saorstát i 1922 agus nuair a cuireadh Coimisiúin na Talún ar bun chinntigh sé seo na cearta a bhí ag na gnáth dhaoine fanacht ar an talamh a bhí acu. Tháinig athruithe móra ar shaol

mhuintir na hÉireann, muintir Ros Goill ina measc, thart fan am sin. Tháinig na hathruithe seo inár saol sóisialta, eacnamaíochta agus polaitiúil agus is iomaí deoir fola a dóirteadh mar gheall ar na hathruithe céanna ag an am sin agus ó shoin, ach sin an saol agat agus sin scéal eile.

Tá sé soiléir go raibh tionchar an-mhór ag na hathruithe seo uilig ar ár ndearcadh fá thalamh agus ar an talamh mar mhaoin againn. Thiocfadh le duine an cheist a chur fá cé comh cóir agus ceart a bhí na hathruithe seo agus cé is mó a bhain tairbhe astu. Dár ndóigh, thiocfaí an cheist cheanann chéanna a chuir fan fhorbairt uilig a thit amach sa cheantar le linn tréimhse an Tíogair Cheilteach. An mbeidh na glúnta atá le teacht inár ndiaidh ag cur an cheist seo agus ag cáineadh an fhorbairt uilig faoi mar a cháin na glúnta a chuaigh romhainn na tiarnaí talaimh? Tá imirce, anás agus anró ag tarraingt orainn arís, agus is ag Dia féin atá a fhios caidé atá romhainn. Bíonn rotha mór an tsaoil de shíor ag casadh agus muidinne ag a bharr corr uair agus ag a bhun corr uair eile.

**Gluais / Glossary**

Acht Dlí na mBocht = Poor Law Act
Acmhainní nádurtha = Natural resources
Anás = need, distress
Borradh = Boom
Círéib shóisialta = Social upheaval
Claochlú = Transformation
Comhsheilbhíocht = Commonage
Críoch = Boundary
Cúlú Eacnamaíochta =Recession
Deich mbliana = Decade
Éagsúil / ar leith= Individual
Leasú = Fertiliser
Lonnaíocht(a) / áit cónaí = Settlement
Roinn agus Dála (Roinndáil) = Rundale system
Soláthar = Availability
Stráice talaimh = strip of land
Tírdhreach = Landscape

*Cormac Goulding*

# CÚLÚ EACNAMAÍOCHTA (RECESSION)

*"Tá amanna crua ag teacht" a dúirt duine éigin le Paidí Bhrianaí Chonchubhair an lá a las sé a phíopa le nóta puint. "Tiocfaidh an lá …", ach ba seo san am a raibh an t-airgead fairsing. Sea, is minic a chuala mé m'athair mór ag trácht ar an am a bhí an t-airgead fairsing, agus bhí.*



*Le linn na hiascaireachta móire sna Dúnaibh bhí go leor airgid san áit. Bhí obair le fáil, ag gutáil, ag pacáil, ag cóiriú eangach agus ag caitseareacht (hácaeireacht). Scadáin! Scadáin! Scadáin! Ach caidé gheall ar Dhia a rinne siad leis an airgead seachas a gcuid píopaí a lasadh?*

*Bhuel, agus mise ag éirí aníos, ní raibh mórán cosúlachta ar an áit seo go raibh an míol mór Ceilteach riamh i gCuan na Long. Ceart go leor, bhí cúpla teach deas tógtha anseo agus ansiúd agus bhí siopaí breátha stócáilte agus iad ag déanamh tréan gnó. Bhí ceithre theach tábhairne agus dhá óstán, iad uilig ag déanamh as go maith dóibh féin agus ag cur obair ar fáil do mhuintir na háite. Samhlaigh! San am sin cha raibh ach siopa amháin agus óstán beag amháin i Santa Ponsa.*

*Ach mar a dúradh le Paidí an lá úd, tháinig an donas. D'imigh na scadáin, d'imigh na trálaeir mhóra agus d'imigh na daoine. Idir an dá chogadh bhí orthu a n-intinn a dhíriú ar shaothrú na talún agus leoga, is maith a d'éirigh leo. Bhí prátaí agus glasraí ag achan duine. Bhí féar, coirce agus dídean d'eallaí. Bhí móin againn agus tinte. Bhí bainne na mbó agus uibheacha na gcearc, scadáin, coiníní, agus corr uair sicín don dinnéar.*

*Is dóiche go dtiocfadh leat a rá, i gcomparáid le háiteanna eile, gur cheantar bocht a bhí i Ros Goill, ach chan ea. Bhuel, cha raibh a fhios againn gur bhocht a bhí muid. Cha raibh a dhath de shaibhreas an tsaoil againn ach ní raibh ocras orainn nó ní raibh muid riamh rófhuar nó róthe. Taobh amuigh de sin cha raibh a dhath eile againn, agus cha raibh cleachtadh againn ar an darna dhath.*



*Le himeacht aimsire, tháinig rathúnas ar an áit. D'imigh muid go hAlbain, go Sasana, go Meiriceá agus go dtí Coláistí agus phill muid le rud beag níos mó inar bpócaí. Ach mar sin féin bhí m'athair mór go fóill ag caint fán am a raibh an t-airgead fairsing. Cha raibh sé riamh ábalta inse domh caidé a rinne siad le hairgead na hiascaireachta móire.*

*Ansin, ag tús an chéid seo tháinig an Tíogar Ceilteach. Cha dtig le haon duine inse dúinn cárbh as a dtáinig sé agus anois níl a fhios againn cá deachaigh sé. Tháinig rath agus rathúnas ar an áit nach bhfacthas a leithéid riamh. Bhí turasóirí ag teacht. Bhí muid uilig ag pilleadh agus ag tógáil tithe, ag díol agus ag ceannach tithe, agus cuireadh airgead i dtaisce i mbainc nár chuala cuid againn fá dtaobh dóibh riamh. Bhí muid uilig beo go sona sásta gan mórán amhail againn ar a dhath ach cá háit a rachadh muid ar laethanta saoire nó cén sórt carr a cheannódh muid i 2009.*

*Ach Ó! Nuair a bhreac 2009 bhí an Tíogar imithe agus gan fiú barr a eireabaill le feiceáil thoir nó thiar. Chuaigh an rathúnas, an t-airgead agus an gleo leis agus caidé a d'fhág sé ina dhiaidh? – An Recession.*

*Caithfidh mé a rá nach mar a rinne ár sinsir a rinne muidinne. Nuair a bhí an t-airgead againne chaith muid go siosmaideach é. Thóg muid tithe breátha ina bhfuil gach gléas dá ndearna Dia (nó innealtóirí na Seapáine) riamh agus má thagann an drochuair orainn, beidh a fhios ag sliocht ár sleachta caidé a rinne muidinne leis an airgead. Beidh siad ábalta a inse gur thóg a n-aithreacha agus a máithreacha an teach breá seo nuair a bhí an t-airgead fairsing.*

*Ach caidé a tharlóidh nuair a chaithfidh an t-aos óg a n-aghaidheanna a thabhairt ar ais ar an phortach, nó ar chuibhrinn na bprátaí, nó an mbeidh siad ábalta coiníní a ghaistiú don dinnéar? Ar fhoghlaimíomar na scileanna sin dóibh? D'fhág achan ghlúin a rian ar Ros Goill – achan ghluin ó Gholl Mac Morna anuas. D'fhág ár nglúin na tithe, agus an ghlúin a chuaigh romhainn d'fhág siad scileanna againn. Fágfaidh an ghlúin atá ag teacht aníos anois a marc féin ar an áit agus is cuma fán recession. Imeoidh sin fosta.*

*Rud amháin a cailleadh le linn ár réim ná an teanga, nó cuid mhaith di. Rinne bochtanas an Ghorta (1845-1847) scrios mór uirthi. Rinne an Tíogar chóir a bheith ar shiúl léi. B'fhéidir gur seo rud amháin maith a dhéanfaidh an recession. B'fhéidir go dtiocfadh athbheochan ar ár dteanga. B'fhéidir go mbeadh faill againn labhairt lena chéile agus b'fhéidir dhul a "rácáil" arís agus cártaí a imirt, scadáin a ithe agus Gaeilge a labhairt.*

*Finola Húdaí*


Dráma Úrscríofa

***An Croí Fealltach***

le

*Proinsias Ó Cuilinn*

a chur i láthair

ag

**Aisteoirí Mhíobhaigh**

*i*

***gColáiste Ros Goill,***

***Na Dúnaibh***

**Dé hAoine 3 Aibreán, 2009**

8.00 i.n.

Cead isteach €10

# Seachtain na Gaeilge 2009

Mar is ghnách, bhí neart imeachtaí ar siúl ag Céim Aniar do Sheachtain na Gaeilge agus anseo tá sraith pictiúr a ghlacadh thar an tréimhse.

### *Maidin Caife as Gaeilge in Áras Ros Goill ar 6 Márta*




### *Comórtas Ealaíne do Pháistí*

Eibhlín Ní Luadhóg, Rang 4

Aobha Ní Ghallachóir, Naíonáin Mhóra



Rhiannan Ní Labhraí, Rang 1

Naoise Ní Dhuagáin Naíonáin Bheaga

### *Comórtas Taispeántas Fuinneoige*



Buaiteoirí an chomórtais i mbliana - Meitheal Mhí-obhaigh. Comhghairdeas libh.

### *Babhta Ceannais de Thráth na gCeist i dTeach Mháirtín, 11 Márta.*

Ó chlé tá Cathaoirleach Chéim Aniar, Aodh Mac Laifeartaigh le Buaiteoirí 2009 - Hugo Mac Laifeartaigh, Cathal Mac Laifeartaigh agus Gearóid Ó Luadhóg, agus an ceisteoir Proinsias Ó Cuilinn.



### *Céílí i gColáiste Ros Goill, Déardaoin, 12 Márta*



# Oíche Ghaelach sa Síbín Ceoil Dé hAoine 13 Márta.

*Ceol, Amhránaíocht, Agallamh Beirte agus Scéal Dráma leis na páistí atá páirteach sa Tionscnamh Pleanála Teanga.*



















# Logainmneacha na Gléibe


An radharc ó Ard a’ Tuathaill


Cnoc an Eallaigh


Bearna na Gaoithe

1 An Ailt Ghorm
2 An Carnán
3 An Coirnéal
4 An Fhál Cham
5 An Garraí Beag
6 An Garraí Íochtarach
7 An Garraí Mór
8 An Garraí Salach
9 An Mhalaigh Gharbh
10 An Mhachaire Leathan Mhicí Rua
11 An Mhalaigh Bheag
12 Mhalaigh Gharbh na Gléibe
13 An tSean Phortach
14 An Uaimh
15 Ard a' Shíle
16 Ard a’ Tuathaill (Toal)
17 Ard na mBallóg
18 Barr a’ Linn
19 Bata Chrabín
20 Bearna na Gaoithe
21 Bothál Davie
22 Cloch a’ Dochtúir
23 Cnoc an Eallaigh
24 Cnoc na Gléibe
25 Cnoc na Móna
26 Cuibhreann Mór a’ Pharthalán
27 Cuibhreann Phaidí Jack
28 Cuibhrinn Thuathail Mhóir
29 Cuibreann Stiofáin
30 Cúl an Aird
31 Faoin Chró
32 Faoin Gharraí
33 Garraí an Dorais
34 Garraí an Mhinistir
35 Garraí Mhórthí
36 Garraí Tam
37 Gleann Raithní
38 Lag an Abair
39 Lag Sheoirse
40 Lár Ghleann Rathnaí
41 Léana Bheag
42 Léana Mhór
43 Malaigh na dTor
44 Mullach
45 Mullach an Chnoic
46 Nábhal
47 Poll a’ Talamh Úr
48 Teach a’ Mháistir
49 Tobar na hAilte Bána
50 Tobar na Binne
51 Cró na gCaoirigh


Glebe
(E.D. Rosguill)
Crockanalla
Crocknamona
Knoxs Hole
1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16
17
18
19
20
21
22
23
24
25
26
27
28
29
30
31
32
33
34
35
36
37
38
39
40
41
42
43
44
45
46
47
48
49
50
51

# Lá Fhéile Pádraig i gCarraig Airt










Déan teagmháil linn:
Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
**Fón: 074 9154830**
**Facs: 074 9154830**
**Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta